# Cuntas Leithreasa 2019

## Vóta 14

## An tSaotharlann Stáit

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh san bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 i gcomhair thuarastail agus speansais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €586,865 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú ach amháin an t-imeacht seo a leanas maidir le sócmhainní caipitil.

***Luacháil sócmhainní caipitil***

Ní chuireann an tSaotharlann Stáit an tairseach chaighdeánach €1,000 i bhfeidhm maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil, ach cuireann sí an luach comhiomlán do ghrúpaí sócmhainní mar Ríomhairí Pearsanta agus ríomhairí glúine i bhfeidhm.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainisteoireachta seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an tOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialacháin iomchuí i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don saotharlainne.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuthe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Saotharlann Stáit
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an tSaotharlann Stáit treoirlínte soláthair ach bhí sé riachtanach seacht gconradh dar luach €1,040,544 (gan CBL a áireamh) a nochtadh i mo thuairisceán bliantúil i leith ciorclán 40/2002. Bhain trí cinn de na conarthaí, ar luach €107,568 (gan CBL a áireamh) le sain-earraí inchaite saotharlainne agus seirbhísí nach raibh ann ach soláthróir amháin lena n-aghaidh. Níor soláthraíodh ceithre chonradh eile ar bhonn iomaíoch ar na cúiseanna seo a leanas:

- Bhí dhá chonradh dar luach €812,732 (gan CBL a áireamh) le haghaidh trealamh saotharlainne. Rinneadh Airteagal 32 de Threoir 2014/24/AE a agairt toisc go raibh iomaíocht as láthair ar chúiseanna teicniúla.
- Leathnaíodh conradh amháin dar luach €51,314 (gan CBL a áireamh), a dámhadh ar dtús faoi phróiseas iomaíoch, níos faide ná dátaí bunaidh an chonartha chun soláthar leanúnach a chinntiú i gcás Brexit gan mhargadh agus chun méadú suntasach ar chostaisfaoi Chreat- Chomhaontú nua a sheachaint.
- Bronnadh conradh amháin dar luach €68,930 (gan CBL a áireamh) chun córas ríomhphoist nua a chur i bhfeidhm ar chuideachta tacaíochta TFC atá ann cheana chun an riosca don chóras TFC foriomlán a laghdú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSaorthlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Saorthlann Stáit, a hobair agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an tSaotharlann Stáit agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciu.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den tsaotharlann a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2019, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

30 Márta 2020

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

# Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tSaotharlann Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meitheamh 2020

## Vóta 14 An tSaotharlann stáit

# Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach | 10,861 | 10,831 | 9,742 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,861** | **10,831** | **9,742** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,066** | **1,623** | **972** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,795** | **9,208** | **8,770** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **586,865** | **572,989** |

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn/Oifig

30 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 5,646 | 5,369 |
| Neamhphá | | 5,185 | 4,373 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,831** | **9,742** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,623** | **972** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,208** | **8,770** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (1,670) | | |
| Dímheas | 931 | | |
| Diúscairtí airgid tirim | 465 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (27) | (301) | (176) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 428 | | |
| Méadú ar stoc | (31) | 397 | 55 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **9,304** | **8,649** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,369 | 1,295 |
| Measchíosanna | | 1,688 | 1,638 |
| **Glanchostas an chláir** | | **12,361** | **11,582** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 14 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | — |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,320 | 1,286 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 32 | — |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 9 | 9 |
| | | **1,369** | **1,295** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 2,198 | 1,897 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 85 | 112 |
| Stoic | 2.3 | 222 | 192 |
| Réamhíocaíochtaí | | 493 | 614 |
| Ioncam fabhraithe | | 58 | 140 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 11 | 15 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 112 | 61 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 981 | 1,134 |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 469 | 245 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 208 | 188 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 677 | 433 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 304 | 701 |
| **Glansócmhainní** | | **2,502** | **2,598** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **2,502** | **2,598** |

## 2.1 Sócmainní caipitil

| | Trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 12,682 | 558 | 13,240 |
| Breiseanna | 1,669 | 1 | 1,670 |
| Diúscairtí | (1,478) | — | (1,478) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 12,873 | 559 | 13,432 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 10,801 | 542 | 11,343 |
| Dímheas don bhliain | 929 | 2 | 931 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,040) | — | (1,040) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 10,690 | 544 | 11,234 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **2,183** | **15** | **2,198** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 1,881 | 16 | 1,897 |

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta | 82 | 106 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eileMionairgead | 2 | 5 |
| | 1 | 1 |
| | **85** | **112** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhar inchaite ceimiceach agus saotharlainne | 187 | 153 |
| Stáiseanóireacht agus ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 35 | 39 |
| | **222** | **192** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 1 | 2 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 8 | 11 |
| Scéim um rothaíocht chun oibre in-fhorchúitithe | 2 | 2 |
| | **11** | **15** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 74 | 69 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 50 | 46 |
| Muirear Soisialach Uilíoch | 15 | 15 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin Bhreisluacha ar Éadálacha in-AE | 23 | 17 |
| | 163 | 148 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 45 | 40 |
| | **208** | **188** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 587 | 573 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (700) | (634) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | (113) | (61) |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 85 | 112 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 11 | 15 |
| | 96 | 127 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (163) | (148) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (45) | (40) |
| | (208) | (188) |
| | **(113)** | **(61)** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,598 | 2,477 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 9,795 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (587) | | |
| Glanvóta | | | 9,208 | 8,770 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,369 | 1,295 |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 1,688 | 1,638 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (12,361) | (11,582) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,502** | **2,598** |

## 2.8 Ceangaltais

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 631 | 277 |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear gach costas cláir mar chaiteachas riaracháin.

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 6,131 | 5,646 | 5,369 |
| ii | Taisteal agus cothú | 40 | 39 | 37 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 290 | 288 | 249 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 60 | 49 | 68 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,777 | 3,239 | 2,527 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 1,458 | 1,507 | 1,471 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 105 | 63 | 21 |
| | | **10,861** | **10,831** | **9,742** |

# Nóta 4 Fáltais

## Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais d'anailísí éagsúla, scrúduithe srl | 850 | 965 | 754 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 216 | 195 | 218 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | — | 463 | — |
| | **Iomlán** | **1,066** | **1,623** | **972** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 do asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €557,000 níos airde ná an meastachán bunaidh. Leagtar mínithe le haghaidh athruithe amach thíos:

**1 Fáltais as anailísí, scrúduithe, tástálacha éagsúla srl.**

*Soláthar meastacháin: €850,000, Toradh: €965,000*

Tharla an méadú de €115,000 toisc go bhfuil san áireamh leis an ioncam faoin gceannteideal seo táille an Chróinéara chun anailís a dhéanamh ar shamplaí iarbháis srl. agus toisc go bhfuil an tseirbhís seo bunaithe ar éileamh, ní féidir an figiúr le haghaidh leithreasaí i gcabhair a thuar go cruinn. Tharla an méadú in 2019 mar gheall ar an riaráiste mór samplaí ó 2018 a glanadh agus a tuairiscíodh a dtorthaí le linn 2019.

**3 Fáltais ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin: €0, Toradh: €463,000*

Baineann an méid a réadaíodh faoi fháltais Ilghnéitheacha le haisíocaíocht a d'eascair as píosa trealaimh saotharlainne a ceannaíodh in 2018 a tugadh ar ais.

# Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimsire | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 98 | 93 |
| | 98 | 93 |

## 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,194 | 4,944 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 22 | 23 |
| Ragobair | — | 3 |
| ÁSPC an Fhostóra | 430 | 399 |
| **Pá iomlán** | **5,646** | **5,369** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 1 | 1 | 19,902 | 19,336 |
| Liúntais eile | 3 | — | 1,154 | 2,384 |
| Ragobair | 1 | — | — | 1,419 |

Ní bhfuair aon bhall foirne íocaíochtaí breise i níos mó ná catagóir amháin.

Faoi thearmaí chomhaontú athchóirithe an 1% *PCW* idir Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí agus an rialtas, fuair 11 oifigeach €28,833 san iomlán, maidir le liúntais CIO (2018: €29,450).

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Ní raibh aon socruithe luach saothair eile ann in 2019.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 2 | 2,172 | 2,794 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | | 2 | 5 |

Aisghabhadh 10 bplean aisghabhála ró-íocaíochta i leith 10 duine ar luach €10,534 sa bhliain.